**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2023/2019(INI))**

18.7.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil sa mhargadh aonair digiteach
(2023/2019(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Sabine Verheyen

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú a ríthábhachtaí atá an earnáil scannánaíochta agus closamhairc chomh maith le hearnálacha cruthaitheacha eile a bhfuil inneachar ar líne faoi chosaint cóipchirt acu do AE ar leibhéal eacnamaíoch agus cultúrtha araon, agus á mheas go bhfuil na hearnálacha sin ríthábhachtach chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga AE agus iolrachas na meán a choimirciú; á chur i bhfios gur cuireadh isteach ar earnáil scannán agus closamhairc na hEorpa agus gur fhulaing sí caillteanais ioncaim mar thoradh ar phaindéim COVID-19;

2. á chur in iúl gur geal léi torthaí na tuarascála meastóireachta sin, lena ndearbhaítear nach mbeadh tairbhí suntasacha ag baint le raon feidhme an rialacháin a leathnú chuig inneachar ar líne atá faoi chosaint cóipchirt ó thaobh rogha inneachair de agus go mbeadh iarmhairtí diúltacha aige ó thaobh costas agus iolrachas na dtairiscintí inneachair;

3. ag cur béim ar an bhfíoras gur fiontar ardriosca é infheistíochtaí i dtáirgeadh, i ndáileadh agus i dtaispeántas scannán agus go ndéantar an infheistíocht sin a choimirciú tríd an gcumas eisiachas an scannáin a áirithiú ar bhonn críochach;

4. á thabhairt dá haire go bhfuil raon leathan geallsealbhóirí ag an earnáil scannán agus closamhairc, lena n-áirítear go leor fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena gcuimsítear líon mór cuideachtaí léiriúcháin atá thar a bheith nuálach agus cruthaitheach, cuideachtaí dáileacháin scannán agus pictiúrlanna a tháirgeann, a dháileann agus a thaispeánann réimse leathan ábhair ar fud AE;

5. ag cur béim ar oiriúnú pragmatach agus leanúnach na hearnála scannán agus closamhairc san Eoraip do réaltachtaí cultúrtha agus eacnamaíocha an Aontais ina bhfuil 27 dtír, ina bhfuil cultúir, nósanna, dálaí margaidh agus éileamh éagsúil náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-éilítear cineálacha cur chuige saincheaptha maidir le forbairt, táirgeadh agus dáileadh inneachair;

6. ag cur béim ar phríomhphrionsabail mhaoiniúcháin na hearnála scannán agus closamhairc, go háirithe cóipcheart agus leithdháileadh fíor-riachtanach críochach agus eisiach na gceart ceadúnúcháin agus na saoirse conarthaí, agus á thabhairt dá haire gur éiceachóras atá nasctha go dlúth é an slabhra luacha scannán; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar ag an méid a tharlaíonn ar líne ar a dtarlaíonn as líne freisin; á mheabhrú go bhfuil eisiachas ama agus eisiachas críochach idirnasctha go láidir;

7. á chur i bhfáth nach ndearnadh dul chun cinn nithiúil fós mar thoradh ar an idirphlé maidir le hinfhaighteacht saothar, arna thionscnamh ag an gCoimisiún faoi chuimsiú phlean gníomhaíochta na meán agus an chlosamhairc; á mheabhrú go ndeimhnítear i dtuarascáil ón gCoimisiún go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir le rochtain ar na teidil atá ar fáil i ngach Ballstát de chuid an Aontais;

8. á chur in iúl gur díol sásaimh di, i dtaca leis sin, an chéad athbhreithniú gearrthéarmach ón gCoimisiún ar Rialachán (AE) 2018/302[1] (an Rialachán Geobhlocála), a thacaíonn le heisiamh leanúnach na seirbhísí closamhairc ó raon feidhme an rialacháin;

9. á chur in iúl gur geal léi conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2021 agus an 4 Aibreán 2022, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá eisiachas críochach agus ceadúnú eisiach d'inbhuanaitheacht na hearnála closamhairc;

10. ag athdhearbhú go n-áirithítear le ceadúnú críche eisiach faoi láthair maoiniú inbhuanaithe do scannáin agus d'inneachar closamhairc, agus go rannchuidíonn sé le heagsúlacht inneachair agus chultúir, iolrachas, agus raon leathan samhlacha gnó dáileacháin araon a áirithiú, rud a théann chun tairbhe do thomhaltóirí AE ar deireadh;

11. á thabhairt chun suntais a bhfuil bainte amach le Rialachán (AE) 2017/1128 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí inneachair ar líne sa mhargadh inmheánach[2], lena gceadaítear do rannpháirtithe rochtain a fháil ar sheirbhísí inneachair ar líne agus iad a úsáid, ar seirbhísí iad a chuirtear ar fáil go dleathach ina mBallstát cónaithe agus iad i láthair go sealadach i mBallstát eile, ach gan cur isteach ar shlabhra luacha na dtáirgeoirí closamhairc; á mheabhrú go bhfuil ról ag an iniomparthachta maidir le feabhas a chur ar inrochtaineacht ar inneachar scannán agus closamhairc nuair a thaistealaíonn cónaitheoirí Eorpacha thar lear agus á iarraidh go ndéanfar tuilleadh measúnaithe ar a éifeachtacht agus ar a chur i bhfeidhm nithiúil i bhfianaise na nósanna tomhaltais agus treochtaí margaidh atá ag athrú go tapa san earnáil;

12. ag cur béim ar an bhfíoras go gcuidíonn an córas reatha um eisiachas críochach sa spórt le cáilíocht agus soláthar inneachair a choinneáil, chomh maith le hinbhuanaitheacht a thairiscint d'eagraithe imeachtaí spóirt, agus maoiniú spóirt an phobail agus infheistíocht i gcur chun cinn tallainne á áirithiú ag an am céanna;

13. á mheas go mbeadh caillteanas suntasach ioncaim mar thoradh ar sheirbhísí closamhairc a áireamh i raon feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil, rud a chuirfeadh infheistíocht in inneachar nua i mbaol, agus saoirse chonarthach á creimeadh agus éagsúlacht chultúrtha á laghdú i dtáirgeadh, i ndáileadh, i gcur chun cinn agus i dtaispeántas inneachair;  ag cur béim ar an bhfíoras go mbeadh níos lú bealaí dáileacháin mar thoradh ar an gcuimsiú sin, rud a chuirfeadh le praghsanna do thomhaltóirí ar deireadh;

14. á chur i bhfáth go gceadaítear le ceadúnú críochach do dháileoirí agus d'oibreoirí pictiúrlainne níos mó solúbthachta a bheith acu oibriú le chéile chun margaí a chruthú le haghaidh inneachair ina gcríocha faoi seach, amhail trí eisiúintí éagsúla pictiúrlainne agus comhlíonadh rialacha náisiúnta maidir le croineolaíocht na meán á áirithiú ag an am céanna chomh maith le hiarrachtaí margaíochta spriocdhírithe agus sainiúlachtaí cultúrtha agus teanga á gcur san áireamh;

---

[1] Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 601, 2.3.2018, lch. 1).
[2] Rialachán (AE) Uimh. 2017/1128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí ábhair ar líne sa mhargadh inmheánach (IO L 168, 30.6.2017, lch. 1).

15. á thabhairt chun suntais go gcruthaíonn sonraí na Faireachlainne Eorpaí Closamhairc le déanaí go bhfuil an margadh ag cur líon méadaitheach scannán Eorpach ar fáil do lucht féachana ar fud na hEorpa; ag aithint go gcruthaíonn an méadú sin ar infhaighteacht go n-áirithítear leis an tsamhail ghnó d'eisiachas críochach raidhse scannán agus go bhfuil eisiamh leanúnach na seirbhísí closamhairc ó raon feidhme an rialacháin fós oiriúnach don fheidhm;

16. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh an cuimsiú sin slabhra éifeachtaí diúltacha a spreagadh maidir le scannáin agus inneachar closamhairc a chruthú, a mhaoiniú, a léiriú, a dháileadh, a chur chun cinn agus a shaothrú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, rud a díobháil dochar a dhéanamh don éagsúlacht chultúrtha agus do shlabhra luacha iomlán a bhraitheann go hiomlán ar phrionsabal an chríochachais;

17. á mheabhrú, mar a léiríodh sa tuarascáil ón gCoimisiún i mí na Samhna 2020 maidir leis an gcéad athbhreithniú gearrthéarmach ar an Rialachán maidir le Geobhlocáil, nach ábhar imní í an gheobhlocáil in earnáil na leabhar d'fhormhór mór na dtomhaltóirí, agus go mbeadh caillteanas ioncaim mar thoradh ar ríomhleabhair a áireamh i raon feidhme an Rialacháin, rud a chuirfeadh infheistíocht in inneachar nua i mbaol, agus saoirse chonarthach a chreimeadh, éagsúlacht chultúrtha a laghdú, cur le monaplacht na mbeagán gníomhaithe ceannasacha sa mhargadh agus ag an am céanna go mbeadh go leor FBManna ag brú amach as an margadh, rud a bhainfeadh an bonn de thairiscintí malartacha nó neamhspleácha agus, dá bhrí sin, nach mór aon tairbhe a thabhairt do thomhaltóirí;

18. á mheas go mbeadh caillteanas suntasach ioncaim mar thoradh ar sheirbhísí ceoil a áireamh i raon feidhme an Rialacháin Geobhlocála, rud a chuirfeadh infheistíocht in ábhar nua i mbaol agus, ag an am céanna, a bhainfeadh an bonn de shaoirse chonarthach, a laghdódh an éagsúlacht chultúrtha i dtáirgeadh agus dáileadh ábhair agus praghsanna níos airde a bheith ann do thomhaltóirí;

19. á mheas go bhféadfadh comhchuibhiú praghsanna a dhéanann dochar do thomhaltóirí a bheith mar thoradh ar an gcuimsiú sin, go háirithe, toisc go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le méaduithe ar phraghsáil i dtíortha ina gcumasaítear inneachar a thairiscint ag praghasphointe atá ailínithe le cumhachtaí ceannaigh tomhaltóirí mar thoradh ar eisiachas críochach;

20. á mheas gur cheart níos mó a dhéanamh chun cúrsaíocht agus infhaighteacht saothar agus clár in AE a áirithiú, lena n-áirítear inneachar pictiúrlainne agus closamhairc atá ann cheana agus nua, agus ar an gcaoi sin saibhreas agus éagsúlacht an chultúir san Eoraip thar theorainneacha a léiriú;  ag aithint, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé tacú le comhléiriúcháin Eorpacha, le dubáil nó le fotheidealú sna 24 theanga oifigiúla de chuid an Aontais, agus le scaipeadh idirnáisiúnta saothar; á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnamh a mholadh, i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, chun a áirithiú go mbeidh scannáin Eorpacha a bhuaigh duaiseanna, amhail buaiteoirí Ghradam Lucht Féachana LUX, ar fáil ar fud AE, agus go gcuirfear catalóg níos leithne ar fáil ar sheirbhísí físeáin ar éileamh thar theorainneacha chun toradh breise ar infheistíocht i roinnt margaí intíre a ghiniúint;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur le hobair ar inaimsitheacht saothar Eorpach ar

líne agus scrúdú a dhéanamh ar ról, tionchar agus trédhearcacht algartaim mholtóra in earnáil an chultúir;

22. á thabhairt dá haire, trí thacaíocht a thabhairt d'fhotheidealú agus dubáil, go méadaítear éileamh agus infhaighteacht an inneachair sin i dtíortha éagsúla, ach go méadaítear inrochtaineacht an inneachair sin freisin; ag tarraingt aird ar an méadú atá tagtha ar an inneachar Eorpach atá á chur ar fáil do lucht féachana ar fud na hEorpa, agus á iarraidh go ndéanfaidh na Ballstáit agus an earnáil tuilleadh infheistíochta;

23. á mheabhrú a thábhachtaí atá Airteagal 7 de Threoir 2010/13/AE[3] (an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc), agus á chur i bhfáth gur cheart inrochtaineacht inneachair a thuiscint bunaithe ar a raon feidhme iomlán; á iarraidh go ndéanfar a chur i bhfeidhm a atreisiú, lena n-áirítear do dhaoine lagéisteachta agus daoine lagamhairc, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain ar an ábhar closamhairc cuimsitheach agus ar fáil do shaoránaigh uile na hEorpa;

24. ag tacú le cultúr na hEorpa agus éagsúlacht inneachair a chothú, rud a théann chun tairbhe do thomhaltóirí na hEorpa ar deireadh;

25. á mheabhrú gur cineál uathúil eispéireas iad na heispéireas a fhaightear ó earnáil na bpictiúrlann, agus sa chomhthéacs sin luach na heisiúintí amharclannaíochta, agus á iarraidh ar na Ballstáit tacú le leanúint dá n-úsáid, agus coinneáil suas le nósanna athraitheacha agus patrúin tomhaltais na saoránach ag an am céanna;

26. ag athdhearbhú gur gá infheistíocht a dhéanamh chun tuilleadh athruithe ar an margadh a réamh-mheas, chun teacht chun cinn formáidí nua a chothú, agus chun láithreacht tairiscintí éagsúla ó chuideachtaí an Aontais ar líne a neartú.

[3] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 18.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 3<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Christine Anderson, Andrea Bocskor, Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Martina Michels, Niklas Nienass, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Ibán García Del Blanco, Rob Rooken, Marc Tarabella |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Angel Dzhambazki, Erik Marquardt |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 23 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Rob Rooken |
| ID | Christine Anderson |
| NI | Marc Tarabella |
| PPE | Asim Ademov, Isabella Adinolfi, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Predrag Fred Matić, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Niyazi Kizilyürek, Martina Michels |

| 3 | - |
|---|---|
| Verts/ALE | Romeo Franz, Erik Marquardt, Niklas Nienass |

| 2 | 0 |
|---|---|
| NI | Andrea Bocskor |
| S&D | Petra Kammerevert |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh